| Gaeilge na hArdteistiméireachta | **Cruinniú 3 den Mheitheal Forbartha: 17.11.25**<br>Gearrthuairisc |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Fáilte** | Chuir Cathaoirleach na meithle fáilte roimh bhall nua. |
| **Miontuairiscí agus nithe a thagann chun cinn, agus rialachas.** | Glacadh le miontuairiscí chruinniú 2. Léirigh ball amháin buairt faoi choimhlint leasa ina leith féin, ach luadh nach raibh coimhlint leasa i gceist sa chás áirithe sin. |
| **Uasdátaithe** | Thug Feidhmeannach CNCM achoimre ar théamaí éiritheacha ón gcomhairliúchán ar an gCáipéis Eolais. |
| **Athbhreithniú ar an Dréachtréasúnaíocht agus dréacht-Aidhmeanna** | Cuireadh cóip de dhréachtréasúnaíocht agus dréacht-Aidhmeanna ar fáil don Mheitheal Forbartha bunaithe ar an bplé ón gcruinniú roimhe sin. D'oibrigh an mheitheal i ngrúpaí beaga chun machnamh a dhéanamh ar an téacs agus chun leasuithe breise agus rudaí le cur leis a mholadh.<br>Rinne an Feidhmeannach taifead ar aiseolas a bheidh mar bhonn faoi dhréacht a thiocfaidh amach anseo. |
| **Príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach** | I ngrúpaí beaga rinne an mheitheal anailís ar na tréithe a bhaineann le príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí. Rinne an Feidhmeannach taifead ar aiseolas a bheidh mar bhonn faoi dhréacht ar an rannóg seo den tsonraíocht. |
| **Ag smaoineamh ar shnáitheanna** | I ngrúpaí rinne an mheitheal plé ar struchtúr féideartha do Ghaeilge na hArdteistiméireachta. Rinne an Feidhmeannach taifead ar aiseolas a bheidh mar bhonn faoi dhréacht struchtúr don tsonraíocht. |
| **Aon Ghnó Eile** | Ghabh an Chathaoirleach buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as a bheith rannpháirteach.<br>Déanfaidh feidhmeannacht CNCM athbhreithniú ar an bplé ar an dréachtréasúnaíocht agus ar na dréacht-aidhmeanna, ar phríomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach, agus ar struchtúr féideartha. Bainfidh siad úsáid as an eolas seo le dréacht ábhair a dhréachtú a ndéanfaidh an mheitheal breathnú orthu ag an gcéad chruinniú eile.<br><br>An Chéad Chruinniú Eile: 10 Nollaig 2025 |